C/2023/601

31.10.2023

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11329 – KIA / OTPP / SEACUBE)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2023/601)

1. An 20 Deireadh Fómhair 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Wren House Martello LP ('Wren House', an Ríocht Aontaithe), faoi rialú Kuwait Investment Authority ('KIA', Cuáit),

— Ontario Teachers' Pension Plan Board ('OTPP', Ceanada),

Is é SeaCube Container Leasing Ltd. ('SeaCube', an Sprioc-Eintiteas, na Stáit Aontaithe) an sprioc-eintiteas, agus tá sé faoi rialú OTPP (Ceanada) faoi láthair.

Gheobhaidh Wren House agus OTPP rialú comhpháirteach ar SeaCube de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is bainisteoir sócmhainní domhanda é Wren House, agus tá sainordú aige infheistíocht a dhéanamh go domhanda sa bhonneagar ar fud na n-earnálacha fuinnimh agus seirbhísí poiblí, iompair agus *core plus*, lena n-áirítear an bonneagar sóisialta, an bonneagar digiteach agus córais nádúrtha. Tá Wren House gníomhach ar fud an domhain.

— Tá OTPP freagrach as sochair phinsin a riar agus sócmhainní plean pinsin a infheistiú go domhanda thar ceann múinteoirí gníomhacha agus múinteoirí atá ar scor i gcúige Ontario Cheanada. Tá OTPP gníomhach ar fud an domhain.

3. Tá SeaCube gníomhach i léasú agus díol coimeádáin a úsáidtear le haghaidh iompar lasta i gcoimeádán ar fud an domhain.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11329 – KIA / OTPP / SEACUBE

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË